Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**12340/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0221 (NLE)**

**ACP 79**
**WTO 81**
**RELEX 1067**
**COAFR 249**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 396 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus Forbairt a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hionadú an liosta de na daoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 396 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 396 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.7.2026
COM(2026) 396 final

2026/0221 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus Forbairt a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hionadú an liosta de na daoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le seasamh an Aontais atá le glacadh i gCoiste AE-CFDA um Thrádáil agus Forbairt maidir le hionadú an liosta de na daoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe le haghaidh réiteach díospóidí idir stáit.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice

An Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus sé thír ó Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (CFDA): an Bhotsuáin, Easuaitíní, Leosóta, Mósaimbíc, an Namaib agus an Afraic Theas, den pháirt eile ('an Comhaontú'), tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 10 Deireadh Fómhair 2016 ann idir gach Páirtí sa Chomhaontú, seachas Mósaimbíc. Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach idir Mósaimbíc agus an tAontas Eorpach ón 4 Feabhra 2018[1].

### 2.2. An Coiste um Thrádáil agus Forbairt

Tá an Coiste um Thrádáil agus Forbairt, a bunaíodh le hAirteagal 103 den Chomhaontú, comhdhéanta d'ionadaithe na bPáirtithe. De bhun Airteagal 103(7), tagann an Coiste um Thrádáil agus Forbairt le chéile i gcumraíocht shonrach chun aghaidh a thabhairt ar thrádáil agus ar ábhair a bhaineann le trádáil. Leagtar amach in Airteagal 103(6) den Chomhaontú go nglacfaidh an Coiste um Thrádáil agus Forbairt a chinntí trí chomhaontú idir na Páirtithe, agus urraim chuí á tabhairt dá nósanna imeachta inmheánacha féin a thabhairt chun críche.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste um Thrádáil agus Forbairt

Tá sé beartaithe go nglacfaidh an Coiste um Thrádáil agus Forbairt, nuair a thiocfaidh sé le chéile sa Bhruiséil in 2026, cinneadh maidir le hionadú an liosta de 21 dhuine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe de bhun Airteagal 94 den Chomhaontú ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe a áirithiú go gcaomhnaítear an líon íosta eadránaithe atá ar fáil.

Tá an liosta de na daoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe comhdhéanta de thrí fholiosta: foliosta amháin do gach Páirtí lena n-áirítear ocht nduine aonair a fheidhmeoidh mar eadránaithe agus foliosta amháin de chúig dhuine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad agus a d'fhéadfadh feidhmiú mar chathaoirleach ar an bpainéal eadrána, lena gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 94(1) den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní mhodhnaítear téacs an Chomhaontaithe agus ní cheanglaítear aon ghníomhaíocht cur chun feidhme ar na Ballstáit. Ós rud é nach mbaineann an gníomh atá beartaithe ach le hoibríocht inmheánach an tsásra um réiteach díospóidí de Chuid III den Chomhaontú, nach mór don Choimisiún a chur chun feidhme, is iomchuí an gníomh atá beartaithe a ghlacadh i mBéarla. Is féidir aistriúcháin a sholáthar le haghaidh phróiseas cinnteoireachta inmheánach gach Páirtí agus le haghaidh na faisnéise don phobal.

[1] Fógra maidir leis an gcur i bhfeidhm sealadach - 10.2.2018 - [EUR-Lex - 22018X0210(01) - EN - EUR-Lex]

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagail 103(6) agus 94(1) den Chomhaontú. Tiocfaidh sé i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais tacú le glacadh an ghnímh atá beartaithe. Ba cheart an seasamh a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil agus Forbairt atá i gceangal leis an togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Coiste um Thrádáil agus Forbairt a cuireadh ar bun le comhaontú idirnáisiúnta.

An gníomh a iarrtar ar an gCoiste um Thrádáil agus Forbairt a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 103 den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe le cur chun feidhme an chomhbheartais tráchtála trí chomhaontú idirnáisiúnta a chur chun feidhme.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207(4) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ar mhaithe leis an trédhearcacht, foilseoidh an Coimisiún an gníomh atá beartaithe ag an gCoiste um Thrádáil agus Forbairt in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha. Ós

rud é nach gceanglaítear foilsiú an ghnímh atá beartaithe leis an ndlí, ní mór foráil a dhéanamh i ngníomh dlí maidir le foilsiú den sórt sin.

2026/0221 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus Forbairt a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hionadú an liosta de na daoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile ('an Comhaontú') i gcrích le Cinneadh (AE) 2016/1623 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2016[2] agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 10 Deireadh Fómhair 2016 ann idir gach Páirtí sa Chomhaontú, seachas Mósaimbíc. Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach idir Mósaimbíc agus an tAontas Eorpach ón 4 Feabhra 2018[3].

(2) De bhun Airteagal 94(1) den Chomhaontú, ní mór don Choiste um Thrádáil agus Forbairt liosta a bhunú de 21 dhuine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe.

(3) Chun feidhmiú ceart an chórais um réiteach díospóidí a bunaíodh i gCuid III den Chomhaontú a áirithiú, ba cheart don Choiste um Thrádáil agus Forbairt a liosta de na daoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe a ionadú.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil agus Forbairt a bhunú, ós rud é go mbeidh an Cinneadh ina cheangal ar an Aontas.

(5) Ar mhaithe le trédhearcacht a áirithiú, is é is fearr an cinneadh ón gCoiste um Thrádáil agus Forbairt a fhoilsiú mar a ghlacfar go críochnaitheach é,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil agus Forbairt bunaithe ar dhréachtchinneadh an Choiste um Thrádáil agus Forbairt atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

---

[2] IO L 250, 16.9.2016, lgh. 1-2.

[3] IO L 38, 10.2.2018, lch. 1.

*Airteagal 2*

Foilseofar an cinneadh ón gCoiste um Thrádáil agus Forbairt tar éis a ghlactha.

*Airteagal 3*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*